Bridget Daly

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Bridget Daly. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. is sine _____
2. siúl na gcos _____
3. meabhair _____
4. téigh ar imirce _____
5. gasúr _____
6. feighlí leanaí _____
7. réchúiseach _____
8. meabhrach _____
9. corrghloine _____
10. dochreidte _____

Féach ar an mír den chéad uair anois le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cén fáth a bhfuil Bridget Daly in Éirinn?

2. Déan cur síos ar chúlra Bridget Daly.

3. An bhfuil sí ina cónaí léi féin?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo.

A. Cad iad na focail (a bhí le cloisteáil sa mhír) is fearr a chuireann síos ar phearsantacht Bridget?

B. Conas a chuirfeá féin síos ar phearsantacht Bridget?

Ceist 4 An dtuigeann tú na tréithe pearsanta seo? Roghnaigh na trí thréith is fearr a chuireann síos ar do phearsantacht féin agus pléigh ansin iad leis an duine in aice leat.

- flaithiúil
- réchúiseach
- goilliúnach
- cliste
- dílis
- ceanndána
- ionraic
- leithleach
- leisciúil
- féinmhuiníneach

Ceist 5 '…an-réchúiseach…' agus '…dochreidte…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Mínígí na rialacha a bhaineann leis na réimíreanna ***an-*** agus ***do-***.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén aois atá an duine is sine a bhfuil aithne agat air nó uirthi?

2. Cad is féidir le duine a dhéanamh chun saol fada a bheith aige nó aici, dar leat?

3. Tá méadú tagtha ar ionchas saoil an duine le blianta anuas. Conas a chuireann an treocht seo brú ar shochaí ár linne?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	is sine	*oldest, eldest*
2.	siúl na gcos	*use of the legs*
3.	meabhair	*mind, memory*
4.	téigh ar imirce	*emigrate*
5.	gasúr	*child, boy*
6.	feighlí leanaí	*child minder*
7.	réchúiseach	*easy-going*
8.	meabhrach	*intelligent, aware*
9.	corrghloine	*an occasional glass*
10.	dochreidte	*incredible*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
flaithiúil – *generous*
réchúiseach – *easy-going*
goilliúnach – *sensitive*
cliste – *smart*
dílis – *loyal*
ceanndána – *stubborn*
ionraic – *honest*
leithleach – *selfish*
leisciúil – *lazy*
féinmhuiníneach – *self-confident*

Ceist 5
<u>an-réchúiseach</u>
- Leanann fleiscín **an-** i gcónaí.
- Séimhítear na consain, seachas **d**, **s** agus **t**, tar éis **an-**.
- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na gutaí tar éis **an-.**

<u>dochreidte</u>
- Ní bhíonn fleiscín de ghnáth idir **do-** agus consan, ach amháin chun doiléire a sheachaint. [1]
- Séimhítear na consain tar éis **do-**.
- Bíonn fleiscín idir **do-** agus guta i gcónaí.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

[1] Úsáidtear fleiscín idir **do-** agus focail dar tús **bha-**, **bhla-**, **bhra-**, **dha-**, **gha-**, **ghla-**, **ghra-**, agus **mha-**, e.g. do-ghlanta.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá duine de na daoine is sine as Éirinn, Bridget Daly, atá céad a sé, tagtha abhaile as Meiriceá lena breithlá a cheiliúradh le gaolta agus le cairde léi i bPort Omna ar an Eachréidh – turas a raibh sí ag súil leis le fada.

Irene Ní Nualláin
Siúl na gcos fós aici agus a meabhair agus a hinchinn chomh géar is a bhí riamh, ní raibh tada[2] ag teacht idir Bridie Daly agus a turas deireanach abhaile ó Bhostún, Meiriceá, go Port Omna. Cé a chreidfeadh go bhfuil sí céad a sé? I bhFeabhra i 1911 a rugadh Bridie i mBaile Locha Riach. Deichniúr gasúr a bhí sa gclann[3] agus bhí Bridie ar an dara duine is sine. Ag aois a hocht déag, chuaigh sí ar imirce ar long *An White Star* ó Chorcaigh go Meiriceá. Chuir sí fúithi i mBostún ag obair mar fheighlí linbh[4], sular phós sí Tom Daly nuair a bhí sí tríocha. Ach bhí saol crua ag Bridie; bhásaigh Tom nuair a bhí sí ceathracha a naoi agus fágadh í le seisear gasúr a thógáil léi féin.

Jimmy Ó Finneadha
Tógann sí an saol mar a fhaigheann sí é. Is duine í atá an-réchúiseach ach duine meabhrach ag an am céanna. Agus níl a fhios againn céard atá á coinneáil ag imeacht i ndáiríre. Agus is maith léi corrghloine fuisce anois agus arís. Ní théann sí thar fóir leis, ach is maith léi cúpla ceann.

Olive O'Meara, Príomhoide Scoil Lua Naofa, Lothra
Tá sé dochreidte go bhfuil bean céad is sé bliana d'aois inár measc. Agus thóg sí an long, *The Star Line* go Meiriceá. Chuaigh sí ar imirce sna fichidí agus de ghnáth bímid ag léamh faoi dhaoine mar seo, ach amárach, le cúnamh Dé, beidh sí ag teacht chuig ár scoil.

Irene Ní Nualláin
Tá Bridie agus a hiníon Mary-Anne le seachtain eile a chaitheamh in Éirinn sula bhfilleann siad ar Mheiriceá. Tá cónaí ar Bhridie léi féin i gcónaí, ach deir Mary-Ann go gcaithfear socruithe eile a chur in áit go luath. Níl Bridie réitithe leis an saol seo fós, a deir sí, ach maireann sí ó lá go lá, ag tógáil rudaí go réidh.

Trust in God. I pray every day for good health. And I thank the Lord that I'm able to walk.

Go maire sí aois Choilm de Bhailís[5].

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i bPort Omna.

[2] *dada* an leagan caighdeánach
[3] Córas Chonnacht. (Ba chirte an focal *teaghlach* a úsáid.)
[4] *feighlí leanaí* an leagan caighdeánach
[5] *Fear as Conamara a mhair go dtí go raibh sé 109 bliain d'aois*.